Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0308(NLE)**

**5314/1/21**
**REV 1**

**PECHE 18**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>- Ráitis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráitis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit.

**IARSCRÍBHINN**

**Maidir le hinmharthanacht na leathóige sa Kattegat (an Danmhairg, an Ghearmáin, an tSualainn agus an Coimisiún)**

Geallann an Danmhairg, an Ghearmáin agus an tSualainn go ndéanfaidh siad an fhaisnéis eolaíoch ábhartha i ndáil le gabhálacha, le haischur agus le marthanas don leathóg sa Kattegat a chur ar fáil do ICES. Iarrfaidh an Coimisiún ar ICES, go luath in 2021, an eolaíocht agus an tuiscint maidir le rátaí marthanais na leathóige a fhorbairt ar bhealach níos fearr, chun rátaí marthanais a ionchorprú i réamhaisnéis agus i dtarraingt suas na comhairle sin faoi ghabhálacha. Más féidir le ICES comhairle nuashonraithe faoi ghabhálacha lena n-ionchorpraítear rátaí marthanais do 2021 a tharraingt suas, ina dhiaidh sin, féachfaidh an Coimisiún lena mholadh go ndéanfaí leasú i gcaitheamh na bliana ar TAC (gabháil iomlán incheadaithe) 2021 don leathóg in Kattegat a luaithe is féidir.

**Maidir le héifeachtaí tearcúsáide mar gheall ar Covid-19 a chur san áireamh (an Coimisiún)**

Chun éifeachtaí tearcúsáide mar gheall ar Covid-19 a chur san áireamh, arna iarraidh sin do na Ballstáit, iarrfaidh an Coimisiún ar ICES, go luath in 2021, i dtaca le haon stoic laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte, féachaint an dtugann glacadh íseal an chuóta in 2020 údar le TAC méadaithe in 2021 i bhfianaise leasú féidearthai gcaitheamh na bliana ar na TACanna le haghaidh na stoc sin.

**Maidir le stoic roinnte arna mbainistiú faoi TACanna sealadacha (an Coimisiún)**

Bunaítear TACanna sealadacha le gur féidir le gníomhaíochtaí iascaireachta chabhlaigh an Aontais leanúint ar aghaidh gan dochar do thoradh na caibidlíochta agus/nó na gcomhairliúchán idirnáisiúnta atá ar siúl. I mí Eanáir 2021, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid na stoc atá á roinnt leis an Ríocht Aontaithe agus/nó an Iorua agus atá faoi réir TACanna sealadacha. Ar bhonn ghlacadh na gcuótaí arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus torthaí na caibidlíochta agus na gcomhairliúchán idirnáisiúnta á gcur san áireamh, tabharfaidh an Coimisiún, i mí Eanáir 2021, faoi stocáireamh agus cuirfidh sé moltaí ábhartha ar fáil i dtaobh an bhealaigh chun cinn agus athbhreithnithe féideartha ar leibhéil TAC sealadacha, go háirithe maidir le séasúracht gníomhaíochtaí iascaireachta, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mBallstát, agus/nó TACanna cinntitheacha a bhunú.

**Maidir le solúbthacht idirlimistéir don salán idir Skagerrak (3a) agus an Mhuir Thuaidh (2a agus 4) (an Coimisiún)**

Déanfaidh an Coimisiún, i gcreat comhairliúcháin le tríú tíortha, scrúdú ar an bhféidearthacht solúbthacht idirlimistéir a thabhairt isteach don salán ó roinn 3a ICES (Skagerrak, Kattegat) chuig an Muir Thuaidh.

**Maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) sa Bhunrialachán maidir le COD/03AS; COD/5BE6A; WHG/56-14; WHG/07A agus PLE/7HJK in 2021 (an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Ísiltír agus an tSualainn)**

Ós rud é go bhfuil bithmhais stoic COD/03AS; COD/5BE6A; WHG/56-14; WHG/07A agus PLE/7HJK faoi bhun Blim agus nach gceadófar ach foghabháil agus iascaigh eolaíocha in 2021, chun téarnamh na stoc a áirithiú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Ísiltír agus an tSualainn nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2021. Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin an gealltanas siúd.

**Maidir le gealltanais i ndáil le bearta caomhnaithe le haghaidh an iascaigh doingean mara i Murascaill na Bioscáine (8a,b) (an Fhrainc agus an Spáinn)**

Is díol sásaimh don Fhrainc agus don Spáinn staid mhaith an stoic doingean mara i Murascaill na Bioscáine (8a, b). Geallann an Fhrainc go ndéanfaidh sí, don chéad ráithe de 2021, uasteorainneacha aonair a athnuachan a bheidh coibhéiseach leo siúd a bhí i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2020. Geallann an Spáinn go dtabharfaidh sí isteach íosmhéid tagartha de 40 cm le haghaidh gabhálacha tráchtála doingean mara i murascaill na Bioscáine (8a, b). Tá na bearta sin comhlántach le Fmsy de 3 108 dtona mar a mhol ICES.

**Maidir le gliomach na hIorua in aonaid fheidhmiúla 25 agus 31 (an Spáinn)**

Maidir leis an Spáinn, a bhfuil gealltanas tugtha aici i dtaobh inbuanaitheacht stoic ghliomach na hIorua sa Mhuir Chantabrach (aonaid fheidhmiúla 25 agus 31), tá obair idir lámha aici trí mheán a comhlachta eolaíoch agus le tacaíocht ó thionscal iascaireachta na Spáinne, chun faisnéis eolaíoch a stádais faoi seach a fheabhsú.

Tar éis suirbhéanna iascaigh faire le TAC leithdháilte íseal a dhéanamh ar feadh ceithre bliana, chun sonraí faoin ngabháil in aghaidh an aonaid iarrachta (CPUE) a bhailiú le soithí ar a raibh breathnóirí, tá méadú ar CPUE dearbhaithe ag torthaí 2020 i gcomhréir leis na méaduithe sna blianta roimhe sin, rud a léiríonn comhartha dearfach comhdhlúite.

Iarrann an Spáinn go ndéanfaí athbhreithniú ar chomhairle reatha ICES (a tugadh in 2019 ar feadh trí bliana) i rith an chéad leath de 2021, chun measúnú a dhéanamh le féachaint an bhféadfaí an t-iascach tráchtála a athoscailt le TAC teoranta agus coinníollacha le haghaidh a bhainistithe.

**Maidir le tuinnín colgach an tuaiscirt in ICCAT (Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú) (an Coimisiún)**

Admhaíonn an Coimisiún bainistiú sonrach na gcuótaí do stoic ICCAT. Tugann an Coimisiún dá aire gur féidir tionchar díreach a bheith ag ró-iascaireacht a dhéanann Ballstát amháin i mbliain áirithe ar na fíordheiseanna iascaireachta atá ar fáil do na Ballstáit eile nach raibh ró-iascaireacht ar bun acu.

Roimh dheireadh an chéad tseimeastair de 2021, déanfaidh an Coimisiún a mhachnamh, dá bhrí sin, ar na tionscnaimh uile lena bhféadfaí bainistiú chuóta an Aontais a éascú i bhfianaise fhóralacha ICCAT chun cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaol CBI a bhaint amach.

**Maidir leis an modh chun asbhaintí a ríomh le haghaidh díolúintí marthanais (an Danmhairg, an Fhrainc, an Ísiltír, Éire agus an Spáinn)**

Is cúis imní don Danmhairg, don Fhrainc, don Ísiltír, d'Éirinn agus don Spáinn an t-athrú ar an modh ríomha le haghaidh na n-asbhaintí do dhíolúintí ardmharthanais.
Tacaíonn siad, dá bhrí sin, le tionscnaimh na Státsin ar ábhar imní dóibh an stoc leathóg sa Kattegat i bhfabhar iarraidh ar ICES.

Iarrann an Danmhairg, an Fhrainc, an Ísiltír, Éire agus an Spáinn ar an gCoimisiún a ghealladh go ndéanfaidh sé iarrataí comhchosúla ar ICES, go luath in 2021, le haghaidh na stoc eile lena mbaineann, ionas go gcuirfear rátaí marthanais san áireamh sa chomhairle, a mhéid a bhaineann le hathbhreithniú ar Rialachán 2021 maidir le TAC agus cuótaí.

**Maidir leis an gcolmóir deisceartach (HKE/8C3411) (an Spáinn agus an Phortaingéil)**

Tá an Spáinn agus an Phortaingéil iomlán tiomanta d'inbhuanaitheacht an cholmóra dheisceartaigh, ceann de na speicis is ábhartha agus is traidisiúnta feadh ár bpobal cósta agus dá sholáthar bia, agus speiceas riachtanach do na céadta dár soithí, dár gcalafoirt agus dár gceantanna le linn a gcuid gníomhaíochtaí iascaireachta i rith na bliana.

Mar ábhar práinne, iarraimid ar COM iarraidh ar ICES an measúnú le haghaidh an stoic sin a mheas an athuair, chun réiteach a fháil ar an staid reatha atá thar a bheith neamhchinnteach, ós rud é nach bhfuil aon phointí tagartha uastáirgeachta inbhuanaithe ná raonta mar a bhunaítear i bPlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair ar fáil, d'ainneoin gurb ann do shraith fhlúirseach sonraí stairiúla iomlána faoi stoc an cholmóra dheisceartaigh, ar sonraí iad ar diúltaíodh múnla measúnaithe Chatagóir 1, a úsáideadh roimhe seo, i mbliana mar gheall orthu.
Chun na críche sin, comhoibreoidh an Spáinn agus an Phortaingéil, trí mheán a n-institiúidí eolaíocha faoi seach, de réir nósanna imeachta ICES.

**Maidir le tuinnín colgach an Tuaiscirt (ALB/AN05N) (an Spáinn)**

Áirítear leis an leagan deiridh den Rialachán méadú ar an gcuóta de thuinníní colgacha an Tuaiscirt atá ag an Aontas (ALB/AN05N), ach ní léirítear leis sin an méadú 12.5 % ar TAC a comhaontaíodh in ICCAT. Níl cuóta an Aontais méadaithe ach faoi 5.5 % mar thoradh ar an ró-iascaireacht a rinne roinnt Ballstát sna blianta roimhe seo. Tá cuóta na Spáinne sa téacs laghdaithe mar thoradh air sin go díreach 17,704.08 tona. Is é 18,351.95 tona cuóta ceart na Spáinne do 2021, a ríomhtar le méadú 12.5 % i gcomparáid le cuóta 2020. Measann an Spáinn go bhfuil sé sin idirdhealaitheach bunaithe ar an dóigh ar láimhseáladh stoic eile sna blianta roimhe seo.

Stoc an-íogair sa Spáinn é tuinnín colgach an tuaiscirt. Leithdháiltear é ar chabhlaigh ar mionscála cois cósta sa Mhuir Chantabrach agus sna hOileáin Chanáracha. Bhí an Spáinn an-dian ó thaobh an t-iascach a dhúnadh sna blianta roimhe seo. Táimid muiníneach go bhfaighfear réiteach sásúil i ndáil leis an bhfeachtas seo chun pionós na ró-iascaireachta a theorannú dóibh siúd atá freagrach as an bhfadhb, agus dóibh siúd amháin. Dá bhrí sin, formhuiníonn an Spáinn an leagan críochnaitheach den rialachán ar choinníoll go mbeidh comhréiteach ann maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí sa chéad nuashonrú eile ar an Rialachán.